Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Meitheamh 2023
(OR. en)

11138/23

ECOFIN 663
UEM 197
SOC 489
EMPL 340
COMPET 684
ENV 763
EDUC 276
RECH 308
ENER 399
JAI 909
GENDER 140
ANTIDISCRIM 134
JEUN 178
SAN 415

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9829/1/23 REV 1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 608 final |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le Clár Náisiúnta na Gréige um Athchóiriú 2023 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na Gréige 2023 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an dréachtmholadh thuasluaite ón gComhairle, mar a pléadh sa Chomhairle agus sa Chomhairle Eorpach é, bunaithe ar Mholadh COM (2023) 608 final ón gCoimisiún.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le Clár Náisiúnta na Gréige um Athchóiriú 2023 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na Gréige 2023**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú[1], a neartú agus go háirithe Airteagal 5(2) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú[2], agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

[1] IO L 209, 2.8.1997, lch. 1.
[2] IO L 306, 23.11.2011, lch. 25.

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ('an tSaoráid'), i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Leis an an tSaoráid, soláthraítear tacaíocht airgeadais do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme, agus í mar spreagadh fioscach arna mhaoiniú ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh, leis an tSaoráid, rannchuidítear le téarnamh eacnamaíoch cuimsitheach agus le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí atá inbhuanaithe agus a spreagann fás, go háirithe athchóirithe agus infheistíochtaí chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur chun cinn agus chun cur le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t-airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus faoin gcruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Rinneadh an ranníocaíocht airgeadais uasta in aghaidh an Bhallstáit faoin tSaoráid a thabhairt cothrom le dáta an 30 Meitheamh 2022, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241.

---

[3] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

(2) An 22 Samhain 2022, ghlac an Coimisiún an Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2023, rud a chuir tús le Seimeastar Eorpach 2023 um chomhordú an bheartais eacnamaíoch. An 23 Márta 2023, d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach tosaíochtaí an tSuirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2023, tosaíochtaí atá dírithe ar na ceithre ghné den inbhuanaitheacht iomaíoch. An 22 Samhain 2022, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún freisin Tuarascáil 2023 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil ar shainaithin sé inti go bhfuil an Ghréig ar cheann de na Ballstáit a bhféadfadh míchothromaíochtaí a bheith ag baint di, nó a d'fhéadfadh a bheith i mbaol míchothromaíochtaí, agus a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. An dáta céanna, ghlac an Coimisiún tuairim freisin maidir le dréachtphlean buiséadach na Gréige don bhliain 2023. Ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach 2023 ar Fhostaíocht, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[4] ('Moladh 2023 maidir leis an limistéar euro') an 16 Bealtaine 2023 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht an 13 Márta 2023.

(3) Cé go bhfuil athléimneacht shuntasach á léiriú ag geilleagair an Aontais, tá drochthionchar ag an gcomhthéacs geopholaitiúil orthu fós. Agus an tAontas ag seasamh go daingean leis an Úcráin, tá clár oibre beartais eacnamaíoch agus shóisialta an Aontais dírithe sa ghearrthéarma ar dhrochthionchar na suaití fuinnimh a laghdú, i gcás teaghlaigh leochaileacha agus gnólachtaí leochaileacha araon, agus sa mheántéarma ar iarrachtaí a choinneáil ar bun chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a bhaint amach, ar thacaíocht a thabhairt d'fhás inbhuanaithe cuimsitheach, ar an gcobhsaíocht mhaicreacnamaíoch a chosaint agus ar an athléimneacht a mhéadú. Tá sé dírithe go láidir freisin ar iomaíochas agus táirgiúlacht an Aontais a mhéadú.

4 Moladh ón gComhairle an 16 Bealtaine 2023 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (IO C 180, 23.5.2023, lch. 1).

(4) An 1 Feabhra 2023, d'eisigh an Coimisiún teachtaireacht dar teideal 'Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Ré Ghlan-Nialasach' ('Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais'). Is é is aidhm do Phlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais borradh a chur faoi iomaíochas thionscal glan-nialasachta an Aontais agus tacú leis an aistriú tapa chuig an aeráidneodracht. Is comhlánú é ar na hiarrachtaí leanúnacha faoin gComhaontú Glas don Eoraip agus faoi REPowerEU. Is é is aidhm dó freisin timpeallacht níos tacúla a sholáthar chun acmhainneacht mhonaraíochta an Aontais a mhéadú i dtaca leis na teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus leis na táirgí glan-nialasachta a bhfuil gá leo chun spriocanna uaillmhianacha aeráide an Aontais a bhaint amach, agus chun a áirithiú go mbeidh rochtain ar amhábhair chriticiúla ábhartha, lena n-áirítear trí fhoinsiú a éagsúlú, trí shaothrú cuí a dhéanamh ar acmhainní geolaíocha sna Ballstáit agus trí athchúrsáil na n-amhábhar a uasmhéadú. Is ar cheithre cholún atá Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais bunaithe: timpeallacht rialála intuartha agus shimplithe, rochtain níos tapúla ar mhaoiniú, scileanna a fheabhsú, agus trádáil oscailte do shlabhraí soláthair athléimneacha. An 16 Márta 2023, d'eisigh an Coimisiún teachtaireacht eile dar teideal 'Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030', teachtaireacht a leagadh amach de réir naoi spreagadh a threisíonn a chéile ar mhaithe le hoibriú i dtreo creat rialála lena bhfeabhsófaí an fás. Socraítear leis tosaíochtaí beartais arb é is aidhm dóibh feabhsuithe struchtúracha, bearta infheistíochta dea-dhírithe agus rialála a áirithiú le haghaidh iomaíochas fadtéarmach an Aontais agus a Bhallstát. Cuidíonn na moltaí thíos ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na tosaíochtaí sin.

(5) In 2023, tá an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch fós ag forbairt i gcomhréir le cur chun feidhme na Saoráide. Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós riachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go dtugann na pleananna aghaidh ar iomlán na moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar fhothacar mór díobh. Tá moltaí tírshonracha 2019, 2020 agus 2022 fós chomh hábhartha céanna maidir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta arna n-athbhreithniú, arna dtabhairt cothrom le dáta nó arna leasú i gcomhréir le hAirteagail 14, 18 agus 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(6) Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] ('Rialachán REPowerEU'), a glacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur go tapa le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Cuirfidh sé sin le slándáil fuinnimh agus le héagsúlacht sholáthar fuinnimh an Aontais, agus ag an am céanna, méadóidh sé glacadh na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh, acmhainneachtaí stórála fuinnimh agus an éifeachtúlacht fuinnimh. Le Rialachán REPowerEU, cuirtear ar chumas na mBallstát caibidil nua REPowerEU a chur lena bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun go maoineofar athchóirithe agus infheistíochtaí ríthábhachtacha a chuideoidh le cuspóirí REPowerEU a bhaint amach. Cuideoidh na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin freisin ó thaobh borradh a chur faoi iomaíochas thionscal glan-nialasachta an Aontais mar a leagtar amach i bPlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais, agus tabharfaidh siad aghaidh ar na moltaí tírshonracha a bhaineann le fuinneamh arna n-eisiúint chuig na Ballstáit in 2022 agus, i gcás inarb infheidhme, in 2023. Le Rialachán REPowerEU, tugtar isteach catagóir nua de thacaíocht airgeadais neamh-in-aisíoctha, atá á cur ar fáil do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí nua a bhaineann le fuinneamh a mhaoiniú faoina bpleananna téarnaimh agus athléimneachta.

[5] Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755, agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1).

(7) An 8 Márta 2023, ghlac an Coimisiún teachtaireacht lena gcuirtear treoraíocht ar fáil maidir leis an mbeartas fioscach 2024 ('teachtaireacht an 8 Márta 2023'). Is é is aidhm di tacú le hullmhú chláir na mBallstáit um chobhsaíocht agus um chóineasú, agus an comhordú beartais a neartú ar an gcaoi sin. Thug an Coimisiún chun cuimhne go ndéanfar clásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a dhíghníomhachtú i ndeireadh 2023. D'éiligh an Coimisiún go mbeadh beartais fhioscacha ann in 2023-2024 a d'áiritheodh an inbhuanaitheacht fiachais sa mheántéarma agus a mhéadódh an acmhainneacht fáis ar bhealach inbhuanaithe agus iarradh ar na Ballstáit a leagan amach ina gclár um chobhsaíocht agus um chóineasú 2023 conas a áiritheoidh a bpleananna fioscacha go n-urramófar luach tagartha an Chonartha, is é sin 3 % den olltáirgeacht intíre (OTI), agus go n-áiritheofar laghdú inchreidte leanúnach fiachais, sin nó conas a choinneofar an fiachas ar leibhéal stuama sa mheántéarma. D'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit freisin deireadh a chur de réir a chéile le beartais fhioscacha náisiúnta arna dtabhairt isteach chun teaghlaigh agus gnólachtaí a chosaint ar shuaitheadh na bpraghsanna fuinnimh, agus deireadh a chur ar dtús leis na beartais is lú a spriocdhíríodh. Thug sé le fios, dá mba rud é gur ghá síneadh a chur le bearta tacaíochta mar gheall ar bhrú a bheith ann an athuair ó thaobh phraghas an fhuinnimh de, gur cheart do na Ballstáit na bearta sin a spriocdhíriú ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha ar bhealach níos fearr. Luaigh an Coimisiún go ndéanfaí na moltaí fioscacha a chainníochtú agus a dhifreáil. Thairis sin, mar a mholtar sa teachtaireacht uaidh an 9 Samhain 2022 maidir le treoirlínte le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh, go ndéanfaí na moltaí fioscacha sin a fhoirmliú ar bhonn an ghlanchaiteachais phríomhúil. Mhol sé do na Ballstáit uile leanúint ar aghaidh ag cosaint na hinfheistíochta a mhaoinítear go náisiúnta agus a áirithiú go n-úsáidfear an tSaoráid agus cistí eile an Aontais go héifeachtach, go háirithe i bhfianaise an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh agus na gcuspóirí athléimneachta. Thug an Coimisiún le fios go molfaidh sé don Chomhairle tús a chur, in earrach na bliana 2024, le nósanna imeachta um easnamh iomarcach atá bunaithe ar easnaimh, ar bhonn na sonraí olltoraidh maidir le 2023, i gcomhréir leis na forálacha dlíthiúla atá ann faoi láthair.

(8) An 26 Aibreán 2023, thíolaic an Coimisiún tograí reachtacha chun athchóiriú cuimsitheach ar rialacha rialachais eacnamaíoch an Aontais a chur chun feidhme. Is é is príomhchuspóir do na tograí inbhuanaitheacht an fhiachais phoiblí a neartú agus fás inbhuanaithe agus cuimsitheach a chur chun cinn sna Ballstáit uile trí athchóirithe agus trí infheistíochtaí. Sna tograí uaidh, díríonn an Coimisiún ar an úinéireacht náisiúnta a fheabhsú, ar an gcreat a shimpliú agus gluaiseacht i dtreo fócas níos meántéarmaí, in éineacht le forfheidhmiú éifeachtach agus níos comhleanúnaí. De réir na gConclúidí ón gComhairle an 14 Márta 2023 maidir le treoirlínte le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais, is é an cuspóir atá ann an obair reachtach a thabhairt i gcrích in 2023.

(9) An 27 Aibreán 2021, chuir an Ghréig a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin. An 13 Iúil 2021, ghlac an Chomhairle a Cinneadh Cur Chun Feidhme maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige[6]. Tá scaoileadh na dtráthchodanna ag brath ar chinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24(5) de Rialachán (AE) 2021/241, cinneadh á rá go bhfuil an Ghréig tar éis na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a chomhlíonadh go sásúil. Tuigtear gurb é atá i gceist le comhlíonadh sásúil, nach ndeachthas siar ar ghnóthú na ngarspriocanna agus na spriocanna a gnóthaíodh roimhe sin.

[6] 10152/2021 INIT; 10152/2021 ADD 1.

(10) An 2 Bealtaine 2023, chuir an Ghréig isteach a Clár Náisiúnta um Athchóiriú don bhliain 2023 agus an 29 Aibreán 2023, chuir sí isteach a Clár Cobhsaíochta 2023, i gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97. Chun na naisc atá eatarthu a chur san áireamh, rinneadh measúnú ar an dá chlár le chéile. I gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241, is léiriú é an Clár Náisiúnta um Athchóiriú 2023 ar thuairisciú leathbhliantúil na Gréige maidir leis an dul chun cinn atá déanta ó thaobh a plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach.

(11) An 24 Bealtaine 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2023 don Ghréig. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar dhul chun cinn na Gréige ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha a ghlac an Chomhairle idir 2019 agus 2022, agus measadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige. Ar bhonn na hanailíse sin, léiríodh sa tuarascáil tíre na bearnaí atá ann maidir leis na dúshláin nár tugadh aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, sin nó nár tugadh aghaidh orthu ach go páirteach, chomh maith le dúshláin nua agus dúshláin atá ag teacht chun cinn. Leis an tuarascáil, rinneadh measúnú freisin ar dhul chun cinn na Gréige ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, sin agus ar an dul chun cinn i dtreo Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

(12) Rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 maidir leis an nGréig agus d'fhoilsigh sé a thorthaí an 24 Bealtaine 2023. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha iomarcacha sa Ghréig. Go háirithe, tá laghdú ag teacht ar na leochaileachtaí a bhaineann le hardfhiachas rialtais agus le stoc ard iasachtaí neamhthuillmheacha i gcomhthéacs an ardleibhéil dífhostaíochta, ach tá meath tagtha ar a staid sheachtrach. Is cúis mhór imní é gur tháinig méadú mór ar an easnamh sa chuntas reatha in 2022, mar gheall freisin ar an méadú mór ar phraghsanna fuinnimh ar fud an Aontais, d'ainneoin an téarnaimh ar an ioncam turasóireachta. Cé go bhfuiltear ag tuar go dtiocfaidh laghdú ar an easnamh seachtrach i mbliana agus an bhliain seo chugainn, fanfaidh sé i bhfad os cionn an leibhéil is gá chun a áirithiú go dtiocfaidh feabhas buan ar an nglanstaid infheistíochta idirnáisiúnta. Cé gurb é an cóimheas fiachais rialtais-OTI an cóimheas is airde san Aontas, tháinig feabhas mór air in 2022, a bhuí, den chuid is mó, le fás láidir ainmniúil OTI, agus tá coinne leis go laghdóidh sé a thuilleadh in 2023 agus in 2024. Thit iasachtaí neamhthuillmheacha go mór anuraidh, ag tógáil ar na laghduithe móra sna blianta roimhe sin, ach tá siad fós ard i gcomparáid le meán an Aontais, agus is ualach iad fós ar bhrabúsacht agus ar acmhainneacht iasachtaithe na mbanc, rud a chuireann isteach ar dhoimhniú an chaipitil agus ar fhás táirgiúlachta an gheilleagair. Chuidigh an fhreagairt bheartais le míchothromaíochtaí a leachtú agus is deis mhór é cur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta chun dul i ngleic le laigí struchtúracha atá fós ann. Mar sin féin, tá gá le tuilleadh iarrachtaí, go háirithe chun a áirithiú go gcuirfear feabhas mór ar chomhardaithe seachtracha, agus go dtiocfaidh laghdú breise ar iasachtaí neamhthuillmheacha, lena n-áirítear trí éifeachtacht fhorfheidhmiú na bhfiachas a mhéadú agus trí fheabhas a chur ar mhargadh na n-iasachtaí neamhthuillmheacha tánaisteacha.

(13) De réir sonraí arna mbailíochtú ag Eurostat, tháinig laghdú ar easnamh ginearálta rialtas na Gréige ó 7.1 % de OTI in 2021 go 2.3 % in 2022, agus thit fiachas ginearálta an rialtais ó 194.6 % de OTI ag deireadh 2021 go 171.3 % ag deireadh 2022.

(14) Na bearta beartais fhioscaigh a glacadh chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, is bearta iad a d'imir tionchar ar chomhardú ginearálta an rialtais. In 2022, áiríodh ar na bearta beartais fhioscaigh caiteachais sin a d'fhág gur mó ioncam a bhí ann fóirdheontais leictreachais do theaghlaigh agus do ghnólachtaí agus sochair shóisialta mhéadaithe do theaghlaigh leochaileacha. Frithháiríodh costas na mbeart sin go páirteach le cánacha nua ar bhrabúis amhantair de chuid táirgeoirí agus soláthróirí fuinnimh, is é sin an chaidhp phraghais uasta ar tháirgeoirí leictreachais agus an tobhach urghnách ar tháirgeoirí leictreachais don tréimhse Deireadh Fómhair 2021 go Meitheamh 2022. Measann an Coimisiún gurb é an glanchostas buiséadach a bhain leis na bearta sin in 2022 2.5 % de OTI. An tráth céanna, an costas a mheastar a bhaineann le bearta éigeandála sealadacha a bhain le géarchéim COVID-19, chuaigh an costas sin i laghad ionas gur 1.5 % de OTI a bhí ann in 2022, le hais 6.5 % in 2021.

(15) An 18 Meitheamh 2021, mhol an Chomhairle gur cheart don Ghréig[7] an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a úsáid in 2022 chun infheistíocht bhreise a mhaoiniú chun tacú leis an téarnamh agus beartas fioscach stuama á shaothrú aici ag an am céanna. Thairis sin, mhol an Chomhairle go ndéanfadh an Ghréig infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta a chaomhnú.

---

7 Moladh ón gComhairle an 18 Meitheamh 2021 ina dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na Gréige 2021 (IO C 304, 29.7.2021, lch. 33).

(16) De réir mheastacháin an Choimisiúin, staid fhioscach[8] thacúil a bhí ann in 2022, arbh ionann í agus -1.0 % de OTI. Mar a mhol an Chomhairle, lean an Ghréig de thacaíocht a thabhairt don téarnamh trí infheistíochtaí atá le maoiniú tríd an tSaoráid. 2.1 % de OTI a bhí ann in 2022 le caiteachas arna mhaoiniú ag deontais faoin tSaoráid agus ó chistí eile de chuid an Aontais (2.6 % de OTI a bhí ann in 2021). Ba é an deireadh a cuireadh de réir a chéile leis an gclárthréimhse roimhe sin ba chúis leis an laghdú ar chaiteachas a mhaoinítear le deontais faoin tSaoráid agus faoi chistí eile de chuid an Aontais in 2022 agus níor tháinig méadú ar chaiteachas infheistíochta sa chlárthréimhse nua go fóill. Trí infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta, soláthraíodh rannchuidiú forleathnaitheach dar luach 0,6 pointe céatadáin leis an staid fhioscach[9]. Dá bhrí sin, chaomhnaigh an Ghréig an infheistíocht a mhaoinítear go náisiúnta, mar a mhol an Chomhairle. Ag an am céanna, sholáthraigh an fás ar chaiteachas reatha príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta (glan ar bhearta nua ioncaim) rannchuidiú forleathnaitheach 0.6 pointe céatadáin don staid fhioscach. Áiríodh leis an rannchuidiú suntasach forleathnaitheach sin tionchar breise na mbeart beartais fhioscaigh a glacadh chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú (glanchostas buiséadach breise 2 % de OTI). Dá bhrí sin, chuir an Ghréig teorainn leordhóthanach leis an bhfás ar chaiteachas reatha a mhaoinítear go náisiúnta.

8 Is é an rud a bhíonn i gceist le tomhas na staide fioscaí an t-athrú ar chaiteachas príomha (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim), gan bearta sealadacha éigeandála a bhaineann le géarchéim COVID-19 a áireamh, ach lena n-áirítear caiteachas a mhaoinítear trí thacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) ón tSaoráid agus ó chistí eile de chuid an Aontais, i gcoibhneas le hacmhainneacht fáis mheántéarmaigh. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach Bosca 1 sna Táblaí Staidrimh Fioscacha.

9 Rannchuidiú neodrach a bhí i gceist leis an gcaiteachas caipitil eile arna mhaoiniú go náisiúnta, dar luach 0.0 pointe céatadáin de OTI.

(17) An cás maicreacnamaíoch atá ina bhuntaca leis na réamh-mheastacháin bhuiséadacha i gClár Cobhsaíochta 2023, is cás é atá i gcomhréir le réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún le haghaidh 2023 agus tá sé níos fabhraí ina dhiaidh sin. Tá sé tuartha ag an rialtas go dtiocfaidh méadú 2.3 % ar an bhfíor-OTI in 2023, agus go dtiocfaidh méadú 3 % air in 2024. I gcomparáid leis sin, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún fíorfhás OTI níos airde de 2.4 % in 2023 agus fíorfhás OTI níos ísle de 1.9 % in 2024, go príomha mar gheall ar dhifríochtaí sna toimhdí maidir le gníomhaíocht infheistíochta agus ranníocaíochtaí ón earnáil sheachtrach. Réamh-mheasann Clár Cobhsaíochta 2023 ranníocaíochtaí níos airde ó ollfhoirmiú caipitil sheasta, go háirithe in 2024, agus tá an Coimisiún ag súil go bhfanfaidh allmhairí earraí níos airde ná mar atá i réamh-mheastacháin na n-údarás.

(18) Ina Chlár Cobhsaíochta 2023, measann an rialtas go laghdóidh an t-easnamh rialtais ghinearálta go 1.8 % de OTI in 2023. Is léiriú é an laghdú in 2023 den chuid is mó ar dheireadh a chur de réir a chéile leis na bearta fioscacha a bhain leis an bpaindéim agus ar an laghdú ar chostas na mbeart a bhaineann le fuinneamh chomh maith leis an ioncam atá ag dul i méid i ngeall ar an bhfás eacnamaíoch. De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, síltear go dtiocfaidh laghdú ar an gcóimheas idir fiachas ginearálta an rialtais agus OTI ó 171.3 % ag deireadh 2022 go 162.6 % ag deireadh 2023. Tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún go mbeidh easnamh rialtais 1.3 % de OTI ann le haghaidh 2023. Tá sé sin níos ísle ná an t-easnamh atá tuartha i gClár Cobhsaíochta 2023, go príomha mar gheall ar éabhlóid níos fabhraí ar bhoinn chánach arna spreagadh ag na toimhdí maicreacnamaíocha, lena n-áirítear comhdhéanamh an fháis agus caiteachais níos ísle an bhuiséid shóisialta i gcomhréir leis an tearc-chaiteachas córasach a tugadh faoi deara le blianta beaga anuas. An cóimheas idir fiachas ginearálta an rialtais agus OTI a thuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, beidh sé níos ísle – tuartar gur 160.2 % a bheidh ann ag deireadh 2023. Is é is cúis leis an difríocht den chuid is mó fás ainmniúil OTI níos airde, agus ar bhonn níos lú, réamhaisnéis an Choimisiúin maidir le heasnamh rialtais ghinearálta níos ísle.

(19) Na bearta fioscacha a glacadh chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, meastar go leanfaidh siad de thionchar a imirt ar chomhardú ginearálta an rialtais in 2023. Is éard atá iontu bearta ar cuireadh síneadh ama leo ó 2022, go háirithe: na fóirdheontais leictreachais do theaghlaigh agus do ghnólachtaí. Déantar costas na mbeart sin a fhritháireamh go páirteach fós le cánacha ar bhrabúis amhantair na soláthraithe fuinnimh, is é sin an chaidhp phraghais uasta ar tháirgeoirí leictreachais agus an ranníocaíocht dlúthpháirtíochta ó scaglanna. Agus an t-ioncam sin á chur san áireamh, i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, tuartar gur 0.2 % de OTI a bheidh i gceist le glanchostas buiséadach na mbeart tacaíochta in 2023[10]. De réir dealraimh, ní ar theaghlaigh leochaileacha ná ar ghnólachtaí leochaileacha atá formhór na mbeart dírithe in 2023, agus ní chaomhnaíonn siad an comhartha praghais chun an t-éileamh ar fhuinneamh a laghdú agus an éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú. Mar thoradh air sin, i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, meastar gurb é 0.1 % de OTI in 2023 méid na mbeart tacaíochta spriocdhírithe atá le cur san áireamh sa mheasúnú ar chomhlíonadh an mholta ón gComhairle an 12 Iúil 2022[11] (i gcomparáid le 0.5 % de OTI in 2022). Ar deireadh, deireadh a bheith á chur de réir a chéile le bearta éigeandála sealadacha a bhain le géarchéim COVID-19, a measadh gurb ionann iad agus 1.5 % de OTI, meastar gur rud é sin a rachaidh chun sochair do chomhardú ginearálta an rialtais in 2023.

---

10 Is ionann an figiúr agus leibhéal chostas buiséadach bliantúil na mbeart sin, lena n-áirítear ioncam agus caiteachas reatha chomh maith le — i gcás inarb ábhartha — bearta caiteachais chaipitil.

11 Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022 maidir le Clár Náisiúnta na Gréige um Athchóiriú agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na Gréige 2022 (IO C 334, 1.9.2022, lch. 60).

(20) Sa Mholadh uaithi an 12 Iúil 2022, mhol an Chomhairle go ndéanfadh an Ghréig beartas fioscach stuama a áirithiú in 2023, go háirithe trí theorainn a chur leis an bhfás ar chaiteachas reatha príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta faoi bhun an fháis aschuir fhéideartha mheántéarmaigh[12], agus tacaíocht leanúnach shealadach spriocdhírithe á cur san áireamh le haghaidh na dteaghlach agus na ngnólachtaí is leochailí i dtaobh méaduithe ar phraghsanna fuinnimh agus le haghaidh daoine atá ag teitheadh ón Úcráin. Ag an am céanna, ba cheart don Ghréig a bheith réidh chun an caiteachas reatha a chur in oiriúint don staid atá ag athrú. Moladh don Ghréig freisin cur le hinfheistíocht phoiblí le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus le haghaidh na slándála fuinnimh, agus an tionscnamh REPowerEU á chur san áireamh, lena n-áirítear trí leas a bhaint as an tSaoráid agus as cistí eile de chuid an Aontais.

[12] Ar bhonn réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, meastar go mbeidh fás aschuir ionchasach meántéarmach (meán 10 mbliana) na Gréige ag 4.8 % i dtéarmaí ainmniúla.

(21) In 2023, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún go mbeidh an staid fhioscach neodrach tríd is tríd (-0.2 % de OTI), tráth a bhfuil boilsciú ard i gceist. Tagann sé sin i ndiaidh staid fhioscach fhorleathnaitheach a bheith ann in 2022 (- 1.0 % de OTI). An fás ar chaiteachas reatha príomha arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim) in 2023, táthar ag tuar go soláthróidh sé rannchuidiú craptha dar luach 0.3 % de OTI leis an staid fhioscach. Dá bhrí sin, an fás a thuartar a thiocfaidh ar chaiteachas reatha príomha arna mhaoiniú go náisiúnta, tá sé i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022. Is é is cúis le ranníocaíocht chrapthach réamh-mheasta an chaiteachais reatha phríomha arna mhaoiniú go náisiúnta, go bunúsach, costais laghdaithe na mbeart tacaíochta (spriocdhírithe agus neamh-spriocdhírithe) do theaghlaigh agus do ghnólachtaí mar fhreagairt ar ardú praghsanna fuinnimh (laghdú 2.3 % de OTI). Is é an méadú ar chaiteachas sóisialta an príomhspreagadh don fhás ar chaiteachas reatha príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta (glan ar bhearta nua ioncaim). B'ionann caiteachas a mhaoinítear le deontais faoin tSaoráid agus faoi chistí eile de chuid an Aontais agus 2.5 de OTI in 2023, agus maidir le hinfheistíocht a mhaoinítear go náisiúnta, soláthraíodh rannchuidiú neodrach 0.0 pointe céatadáin leis an staid fhioscach[13]. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe ag an nGréig infheistíocht bhreise a mhaoiniú tríd an tSaoráid agus trí chistí eile de chuid an Aontais, agus táthar ag tuar go ndéanfaidh sí infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta a chaomhnú. Tá sé beartaithe aici infheistíocht phoiblí a mhaoiniú le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus le haghaidh na slándála fuinnimh, mar shampla 8 000 pointe luchtaithe a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu a shuiteáil i bpríomhshuíomhanna uirbeacha agus fo-uirbeacha, riarachán poiblí a dhigitiú, agus feabhas a chur ar idirnascadh leictreachais na n-oileán.

[13] Leis an gcaiteachas caipitil eile a mhaoinítear go náisiúnta, réamh-mheastar go soláthrófar rannchuidiú forleathnaitheach 0.1 pointe céatadáin de OTI.

(22) De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go laghdófar an t-easnamh rialtais ghinearálta go 0.8 % de OTI in 2024. Is léiriú é an laghdú in 2024 den chuid is mó ar dheireadh a chur de réir a chéile leis na bearta fuinneamh atá fágtha, i measc bearta eile, agus ar an méadú ar ioncam mar gheall ar fhás eacnamaíoch láidir. De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go dtiocfaidh laghdú go 150.8 % ar chóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI ag deireadh 2024. Ar bhonn na mbeart beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún easnamh rialtais 0.6 % de OTI in 2024. Tá sé sin níos ísle ná an t-easnamh atá tuartha i gClár Cobhsaíochta 2023, go príomha mar gheall ar na toimhdí maidir le forghníomhú an bhuiséid shóisialta, go háirithe an caiteachas níos ísle ar shochair shóisialta agus ar phinsin. I réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, tuartar go mbeidh cóimheas ollfhiachais rialtais-OTI níos airde, is é sin 154.5 % ag deireadh 2024.

(23) Beartaítear le Clár Cobhsaíochta 2023 deireadh a chur de réir a chéile leis na bearta tacaíochta fuinnimh ar fad in 2024. Glacann an Coimisiún leis freisin go gcuirfear deireadh iomlán le bearta tacaíochta fuinnimh in 2024. Tá sé sin bunaithe ar an toimhde nach dtiocfaidh aon mhéaduithe an athuair ar phraghsanna fuinnimh.

(24) Le Rialachán (CE) Uimh. 1466/97, éilítear go ndéanfaí feabhas bliantúil ar chomhardú an bhuiséid struchtúraigh i dtreo an chuspóra bhuiséadaigh mheántéarmaigh, agus 0.5 % de OTI mar thagarmharc aige[14]. Agus breithnithe inbhuanaitheachta fioscaí á gcur san áireamh, bheadh sé iomchuí feabhas a chur ar chomhardú struchtúrach 0.3 % ar a laghad de OTI do 2024, de réir an Choimisiúin. Chun an feabhas sin a áirithiú, agus i gcomhréir le modheolaíocht an Choimisiúin, níor cheart go rachadh an fás ar ghlanchaiteachas príomhúil[15] arna mhaoiniú go náisiúnta in 2024 thar 2.6 %, mar a léirítear sa Mholadh seo. Cuideoidh sé sin freisin leis an seasamh seachtrach a neartú. An tráth céanna, ba cheart deireadh a chur de réir a chéile leis na bearta tacaíochta fuinnimh atá fágtha (a mheasann an Coimisiún faoi láthair ag 0.2 % de OTI in 2023 iad) má cheadaíonn forbairtí sa mhargadh fuinnimh é sin agus deireadh a chur ar dtús leis na beartais is lú a spriocdhíríodh, agus ba cheart an coigilteas gaolmhar a úsáid chun an t-easnamh rialtais a laghdú.

(25) Ag glacadh leis nach dtiocfaidh aon athrú ar bheartais, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún go dtiocfaidh méadú 0.7 % ar an nglanchaiteachas príomha a mhaoinítear go náisiúnta in 2024, rud atá faoi bhun an ráta fáis atá molta. Is mó an coigeartú atá tuartha i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún ná an coigilteas a thiocfaidh as deireadh iomlán a chur leis na bearta tacaíochta fuinnimh.

---

14 Ceanglaítear freisin le hAirteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle coigeartú is mó ná 0.5 % de OTI a dhéanamh i gcás Ballstát a bhfuil fiachas rialtais acu ar mó é ná 60 % de OTI, nó a bhfuil rioscaí níos suntasaí acu maidir le hinbhuanaitheacht fiachais.

15 Sainmhínítear glanchaiteachas príomha mar chaiteachas a mhaoinítear go náisiúnta glan ó bhearta lánroghnacha ioncaim agus gan caiteachas úis agus caiteachas dífhostaíochta timthriallaí san áireamh.

(26) De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go méadóidh infheistíocht phoiblí ó 4.8 % de OTI in 2023 go 5.4 % de OTI in 2024. Léiríonn an infheistíocht níos airde an infheistíocht a mhaoinítear go náisiúnta atá beagán níos ísle agus infheistíocht níos airde a mhaoiníonn an tAontas, eadhon tríd an tSaoráid. Tagraíonn Clár Cobhsaíochta 2023 d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí a mheastar a rannchuideoidh le hinbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí agus le fás inbhuanaithe agus cuimsitheach. Áirítear ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin infheistíochtaí ard-bhreisluacha agus athchóirithe struchtúracha i dtreo na n-aistrithe glasa, digiteacha agus fuinnimh, atá mar chuid den phlean téarnaimh agus athléimneachta freisin.

(27) Leagtar amach i gClár Cobhsaíochta 2023 conair fhioscach mheántéarmach go dtí 2026. De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go laghdóidh an t-easnamh rialtais ghinearálta go 0.5 % de OTI in 2025 agus go 0.1 % faoi 2026. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe go bhfanfaidh an t-easnamh rialtais ginearálta faoi bhun 3 % de OTI thar thréimhse an Chláir. De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go dtiocfaidh laghdú ar chóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI ó 150.8 % ag deireadh 2024 go 135.2 % faoi dheireadh 2026.

(28) Ag tógáil ar na dea-chleachtais agus ar na hathchóirithe a gabhadh de láimh mar chuid den phlean téarnaimh agus athléimneachta, d'fhéadfaí cabhrú chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna infheistíochta de bharr leasuithe a rinneadh ar chreat beartais cánach na Gréige. Go sonrach, dá dtabharfaí isteach réamhchóras rialaithe cánach níos leithne, d'fhéadfaí an deimhneacht dhlíthiúil a neartú d'infheisteoirí agus d'fhéadfaí na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh chun an córas cánach a shimpliú a mhéadú. D'fhéadfadh athbhreithniú ar an gcóras cánach cabhrú freisin leis an mbonn cánach a mhéadú a mhéid a bhaineann le daoine féinfhostaithe agus tacú le hinfheistíocht. D'fhéadfaí feabhas a chur ar chomhlíonadh cánach trí chur i bhfeidhm íocaíochtaí leictreonacha a leathnú agus trí úsáid mhéadaithe a bhaint as an bhfaisnéis a eascraíonn as íocaíochtaí leictreonacha, agus aird á tabhairt go háirithe ar fhianaise le déanaí go bhfuil éagothromaíocht ag dul i méid idir ioncam íseal dearbhaithe agus láimhdeachas daoine féinfhostaithe atá ag dul i méid go tapa, de réir dealraimh. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh, go háirithe, trí úsáid níos fearr a bhaint as an bhfaisnéis a eascraíonn as íocaíochtaí leictreonacha i gcás gairmeacha spriocdhírithe. Tá coinne leis go gcuirfidh claochlú digiteach leanúnach an Údaráis Neamhspleách um Ioncam Poiblí leis an gcuspóir sin. Mar sin féin, tá sé ríthábhachtach go méadófar neamhspleáchas oibríochtúil an údaráis chun a bhonneagar acmhainní daonna agus TF a bhainistiú agus a fhorbairt i bhfianaise na ndúshlán leanúnach atá roimh chórais chánach ar fud an domhain.

(29) Lean an Ghréig de bhearta a dhéanamh chun a riarachán poiblí a nuachóiriú, ach tá a feidhmíocht fhoriomlán sách íseal go fóill. Tar éis coigeartú suntasach tar éis 2010, rinneadh méid agus costas an riaracháin phoiblí a ailíniú go ginearálta le meán an Aontais. D'fhan bille pá na Gréige cobhsaí in 2022 ag 10.8 % de OTI, rud a bhí beagán os cionn mheán an Aontais (10.2 % de OTI). Chun na gnóthachain sin a chosaint, beidh sé ríthábhachtach a áirithiú go leanfar den ghreille pá aontaithe a chur i bhfeidhm, agus ag an am céanna na leibhéil foirne atá ann faoi láthair a choinneáil ar bun tríd an riail earcaíochta 'ceann amháin isteach, ceann amháin amach' a chur i bhfeidhm maidir le baill foirne bhuana mar aon leis an uasteorainn do bhaill foirne shealadacha a tugadh isteach in 2022. Tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta chun feabhas a chur ar éifeachtacht an riaracháin phoiblí agus béim ar leith á leagan ar fheabhas a chur ar a sheirbhísí digiteacha. Ag an am céanna, is dúshlán fós é baill foirne ar ardchaighdeán a mhealladh agus a choinneáil. D'fhéadfaí aghaidh a thabhairt air sin ar bhealach struchtúrach trí ghreillí pá speisialta/forlíontacha le haghaidh feidhmeanna nó comhlachtaí sonracha a thabhairt isteach chomh maith le córas dea-shainithe lamháltas mar chuid lárnach den chóras nua bainistithe acmhainní daonna, agus sláine an ghreille pá aontaithe agus méid foriomlán an bhille pá á gcosaint ag an am céanna.

(30) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Go dtí seo, tá cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige faoi lánseol. Amach anseo, beidh sé tábhachtach leanúint den chur chun feidhme. Thíolaic an Ghréig trí iarraidh ar íocaíocht[16] ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha agus dhá iarraidh ar íocaíocht ar thacaíocht iasachta, rud a chomhfhreagraíonn do 85 gharsprioc agus sprioc sa phlean. Go dtí seo, tá eisíocaíocht fhoriomlán EUR 7 126 mhilliún faighte ag an nGréig[17]. I gcomhréir le hAirteagal 14(6) de Rialachán (AE) 2021/241, an 29 Márta 2023, chuir an Ghréig in iúl go raibh rún aici EUR 5 000 milliún de thacaíocht bhreise iasachta a iarraidh faoin tSaoráid. Tá tús maith curtha ag an nGréig lena plean a chur chun feidhme agus tá córas bainistithe agus rialaithe bunaithe aici chun faireachán agus comhordú a dhéanamh ar chur i gcrích tráthúil na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí. Amach anseo, beidh sé tábhachtach na hiarrachtaí sin a choinneáil ar bun agus a fheabhsú i bhfianaise líon suntasach na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí atá beartaithe a chur chun feidhme, go háirithe ós rud é go mbeidh gá le dul chun cinn tráthúil maidir le céimeanna éagsúla ullmhúcháin, lena n-áirítear nósanna imeachta soláthair phoiblí, chun roinnt de na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin a thabhairt chun críche. Tá cur chun feidhme leanúnach an phlean ag brath ar acmhainneacht riaracháin agus cur chun feidhme na gcomhlachtaí cur chun feidhme sannta, lena n-áirítear an riarachán réigiúnach agus áitiúil. Trí chaibidil nua REPowerEU a thabhairt isteach go tapa sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, féadfar athchóirithe agus infheistíochtaí breise a mhaoiniú chun tacú le cuspóirí straitéiseacha na Gréige i réimse an fhuinnimh agus an aistrithe ghlais. Ar mhaithe leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme go rathúil, sin agus bearta eacnamaíocha agus fostaíochta eile taobh amuigh den phlean sin, tá sé tábhachtach i gcónaí údaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta agus geallsealbhóirí ábhartha eile a bheith rannpháirteach ar bhonn córasach agus éifeachtach, chun a áirithiú go bhfuil freagracht i leith an chláir oibre beartais fhoriomláin roinnte go forleathan.

---

16 Chuir an Ghréig a tríú hiarraidh ar dheontais isteach an 16 Bealtaine 2023 agus tá measúnú an Choimisiúin ar siúl faoi láthair.

17 I gcás deontas, is é EUR 3 436 mhilliún an méid a eisíocadh le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha (seachas réamh-mhaoiniú) agus is é EUR 3 690 milliún an méid a eisíocadh le haghaidh tacaíocht iasachta (seachas réamh-mhaoiniú).

(31) D'fhormheas an Coimisiún doiciméid chlársceidealaithe uile na Gréige maidir le beartas comhtháthaithe in 2022. Tá sé ríthábhachtach go rachfar ar aghaidh le cláir an bheartais chomhtháthaithe a chur chun feidhme go tapa sa chaoi gur comhlánú a bheidh iontu ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus go mbeidh sineirge ann idir iad féin agus an plean sin, an chaibidil REPowerEU san áireamh, ionas go ndéanfar an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur i gcrích, go méadófar an athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta, agus go mbeidh forbairt chríochach chothrom ann freisin sa Ghréig.

(32) Chomh maith leis na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta agus sna cláir beartais comhtháthaithe, tá roinnt dúshláin bhreise le sárú ag an nGréig i ndáil le cúram fadtéarmach, mapáil chadastrach, beartas fuinnimh agus an t-aistriú glas.

(33) Tá an caiteachas ar chúram sláinte poiblí faoi bhun mheán an Aontais, agus tá na híocaíochtaí neamh-in-aisíoctha a dhéanann othair sa Ghréig ar an dara ceann is airde san Aontas mar sciar de OTI. Tá an córas cúraim sláinte fós dírithe ar an ospidéal, agus tá an caiteachas ar chúram íceach dírithe ar ospidéalú. Ina theannta sin, tá an Ghréig sa chéad áit i measc na mBallstát uile maidir le caiteachas poiblí ar chógais mar sciar de OTI. Tá an caiteachas poiblí ar chúram fadtéarmach agus coisctheach go mór faoi bhun mheán an Aontais, agus níl aon straitéis chuimsitheach náisiúnta i bhfeidhm maidir le cúram fadtéarmach. Chun dul i ngleic leis sin, tá córas cúraim sláinte príomhúil a glacadh le déanaí á chur chun feidhme ag an nGréig chun an spleáchas ar chúram ospidéil a laghdú agus chun éifeachtúlacht na rochtana ar earraí agus ar sheirbhísí cúraim sláinte a mhéadú. Cuirtear bac ar chur i bhfeidhm iomlán an athchóirithe ar chúram sláinte príomhúil mar gheall ar ghanntanas dochtúirí teaghlaigh. Ní leor líon na ndochtúirí teaghlaigh chun an daonra ar fad a chumhdach. Beidh gá le cumhdach leordhóthanach chun córas éifeachtach cuimsitheach bunaithe ar rialú rochtana a thabhairt isteach ina iomláine, córas a reachtófar chun tosú an 1 Meán Fómhair 2023. Chun na críche sin, beidh dreasachtaí níos láidre ríthábhachtach chun cur le líon na ndochtúirí teaghlaigh ar mhaithe le cumhdach iomlán daonra a bhaint amach agus leis an daonra a chlárú chun rochtain leordhóthanach chomhionann ar chúram sláinte a áirithiú don phobal.

(34) Cuirfidh críochnú an chadastair náisiúnta — tionscadal seanbhunaithe — feabhas breise ar thimpeallacht ghnó na Gréige. Faoi dheireadh mhí na Bealtaine 2023, bhí 72 % den mhapáil chadastrach curtha i gcrích, agus bailíodh 25 % eile de chearta maoine agus tá siad á bpróiseáil faoi láthair. Táthar ag súil go mbeidh próiseáil na gceart bailithe curtha i gcrích faoi dheireadh 2023, rud a chuirfeadh an cadastar i gcrích faoi dheireadh na bliana. Maidir leis an aistriú go dtí an ghníomhaireacht nua 'an Cadastar Heilléanach', osclaíodh 12 oifig chadastracha agus 49 mbrainse agus tá siad i mbun oibríochta. Tá sé beartaithe ag Gníomhaireacht an Chadastair Heilléanaigh na seirbhísí do shaoránaigh a dhigitiú go hiomlán agus cuireann an tSaoráid tacaíocht ar fáil chun na clárúcháin agus gníomhais ar chearta maoine uile atá i bhfoirm páipéir faoi láthair a dhigitiú.

(35) D'ainneoin na n-iarrachtaí a rinne an Ghréig freisin i gcomhthéacs na géarchéime fuinnimh, tá an Ghréig fós ag brath go mór ar bhreoslaí iontaise, agus ba ionann ola agus gás agus 52 % agus 24 % faoi seach dá meascán fuinnimh in 2021. Chun dlús a chur leis na hiarrachtaí dícharbónaithe, d'fhéadfaí roinnt beart a shaothrú a thuilleadh, ar bearta iad a chuirfeadh leis na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe atá mar chuid de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige agus a théann níos faide ná na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe sin. D'fhéadfadh an Ghréig dlús a chur le leathnú an fhuinnimh in-athnuaite trí chreataí dlíthiúla a bhunú agus a thabhairt chun críche chun forbairt an bhonneagair hidrigine in-athnuaite agus na gaoithe amach ón gcósta a chur chun cinn. Tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun dlús a chur le forbairt creata reachtaigh agus rialála don bhithmheatán agus chun acmhainneacht táirgeachta iarbhír a dhéanamh den acmhainneacht inbhuanaithe bhithmheatáin atá ar fáil chun allmhairí gáis nádúrtha a fhritháireamh.

(36) Ós rud é go bhfuil níos mó foinsí in-athnuaite fuinnimh comhtháite, beidh gá le tuilleadh infheistíochtaí chun an acmhainneacht stórála agus líonra a mhéadú ar mhaithe le cothromaíocht na heangaí leictreachais a chosaint. D'fhéadfadh comhscéimeanna luacha saothair agus cur chun cinn na gcóras taobh thiar den mhéadar a bheith ina n-uirlisí tábhachtacha chun leathnú tráthúil agus inmharthana na hacmhainneachta stórála a chur chun cinn. D'fhéadfaí idirnaisc bhreise leictreachais le tíortha comharsanachta a fhorbairt chun an gá atá le ciorruithe ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh a sheachaint. Maidir le foinsí fuinnimh in-athnuaite a chur in úsáid a thuilleadh, beidh sé tábhachtach an creat dlíthiúil nua a glacadh in 2022 a fhorfheidhmiú ina iomláine, creat lena simplítear agus lena gcuirtear dlús leis an bpróiseas ceadúnúcháin le haghaidh tionscadail in-athnuaite agus stórála. Ina theannta sin, d'fhéadfadh cur chun cinn scéimeanna féintomhaltais, lena n-áirítear tacaíocht bhreise a thabhairt chun córais fhótavoltacha gréine le ceallraí a shuiteáil, agus pobail fuinnimh borradh a chur faoin inghlacthacht shóisialta maidir le cur in úsáid foinsí in-athnuaite.

(37) D'fhéadfadh an Ghréig raon feidhme agus uaillmhian na mbeart coigilte fuinnimh atá ann cheana a leathnú agus leibhéal ard na bochtaineachta fuinnimh a laghdú. Tháinig laghdú 22 % ar thomhaltas gáis nádúrtha sa Ghréig sa tréimhse idir mí Lúnasa 2022 agus mí an Mhárta 2023, i gcomparáid leis an meántomhaltas gáis le linn na tréimhse céanna sna 5 bliana roimhe sin, rud atá os cionn an sprioc laghdaithe 15 % a leagtar síos i Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle[18]. D'fhéadfadh an Ghréig leanúint d'iarrachtaí a dhéanamh an t-éileamh ar ghás a laghdú go sealadach go dtí an 31 Márta 2024 de bhun Rialachán (AE) 2023/706 ón gComhairle[19].

(38) Dá dtabharfaí isteach ionstraimí airgeadais nua mar shampla ceantanna éifeachtúlachta fuinnimh, d'fhéadfaí cumhdach na gclár tacaíochta athchóirithe atá ann cheana a dhíriú ar theaghlaigh fhuinneamhbhochta ar bhealach níos éifeachtúla. Tá sciar na méadar cliste sa Ghréig i bhfad taobh thiar de mheán an Aontais (3 % i gcomparáid le 54 %, figiúirí 2021) agus d'fhéadfaí an sciar sin a mhéadú toisc go gcuireann sé ar chumas tomhaltóirí páirt ghníomhach a ghlacadh sa mhargadh agus tacú leis an bhfreagairt don éileamh. Ina theannta sin, maidir le hearnálacha sonracha mar shampla earnáil an iompair agus earnáil an uisce, tá féidearthacht nach beag ann tuilleadh coigiltis fuinnimh a dhéanamh toisc go bhfuil na hearnálacha sin fós ag brath go mór ar ola.

---

**18** Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle an 5 Lúnasa 2022 maidir le bearta comhordaithe i ndáil le laghdú ar éileamh ar ghás (IO L 206, 8.8.2022, lch. 1).

**19** Rialachán (AE) 2023/706 ón gComhairle an 30 Márta 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/1369 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an tréimhse laghdaithe éilimh i gcás bearta laghdaithe éilimh le haghaidh gáis agus cur chun feidhme an tuairiscithe agus an fhaireacháin ar na bearta sin a threisiú (IO L 93, 31.3.2023, lch. 1).

(39) Mar gheall ar ghanntanais oibrithe agus scileanna in earnálacha agus i ngairmeacha atá ríthábhachtach don aistriú glas, lena n-áirítear teicneolaíochtaí glan-nialasacha a mhonarú, a chur in úsáid agus a chothabháil, tá scrogaill á gcruthú san aistriú chuig geilleagar glan-nialasachta. Chun go laghdófar na ganntanais scileanna agus chun go gcuirfear an cuimsiú sa lucht saothair agus athshannadh an lucht saothair chun cinn, tá sé ríthábhachtach córais oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a bheith ann a fhreagraíonn d’athruithe ar riachtanais an mhargaidh saothair, chomh maith le bearta spriocdhírithe maidir leis an uas-sciliú agus an t-athsciliú. Chun leas a bhaint as soláthar saothair nach bhfuil leas á bhaint as go fóill, ní mór na bearta sin a bheith inrochtana, go háirithe le haghaidh daoine aonair agus sna hearnálacha agus sna réigiúin is mó a ndéanann an t-aistriú glas difear dóibh. Sa Ghréig, is mó an easpa scileanna glasa san earnáil tógála faoi láthair, rud atá thar a bheith ábhartha don aistriú glas, agus do ghairmeacha teicniúla sonracha. Ar deireadh, tá deis ann i gcónaí tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh chun infhostaitheacht daoine óga agus ban a mhéadú. Trí chumais riaracháin na seirbhísí poiblí fostaíochta a mhéadú agus, ag an am céanna, úsáid an chur chuige aonair maidir le cuardaitheoirí poist a leathnú, d’fhéadfaí borradh a chur faoi thorthaí fostaíochta na ngrúpaí sin agus tacú le haistriú réidh cothrom.

(40) I bhfianaise mheasúnú an Choimisiúin, rinne an Chomhairle scrúdú ar Chlár Cobhsaíochta 2023 agus léirítear a tuairim[20] i moladh (1).

20 Faoi Airteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97.

(41) I bhfianaise na n-idirnasc dlúth idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro agus a rannchuidiú comhchoiteann le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadais, mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta i measc rudaí eile, chun (i) inbhuanaitheacht fiachais a chaomhnú agus staonadh ó thacaíocht leathan a thabhairt don éileamh comhiomlán in 2023, spriocdhíriú níos fearr a dhéanamh maidir leis na bearta fioscacha arna nglacadh chun tionchar na bpraghsanna arda fuinnimh a mhaolú, agus machnamh a dhéanamh ar bhealaí iomchuí chun an tacaíocht a laghdú de réir mar a laghdaíonn an brú ó thaobh praghsanna fuinnimh de; (ii) leibhéal ard infheistíochta poiblí a choinneáil ar bun agus infheistíocht phríobháideach a chur chun cinn chun tacú leis an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach; (iii) tacú le forbairtí pá a mhaolaíonn an caillteanas ó thaobh cumhacht ceannaigh de agus srian a chur ag an am céanna ar éifeachtaí indíreacha ar an mboilsciú, sin agus tuilleadh feabhais a chur ar bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair mar aon le dul i ngleic le ganntanais scileanna; (iv) feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó agus a áirithiú go bhfuil an tacaíocht fuinnimh a thugtar do chuideachtaí cost-éifeachtúil, sealadach agus spriocdhírithe ar ghnólachtaí inmharthana, agus go bhfuil dreasachtaí le haghaidh an aistrithe ghlais ag baint léi i gcónaí; agus (v) cobhsaíocht mhacrairgeadais a chaomhnú agus faireachán a dhéanamh ar rioscaí, agus leanúint ag an am céanna den obair chun an t-aontas baincéireachta a chur i gcrích. I gcás na Gréige, rannchuidíonn moltaí (1), (2), (3) agus (4) le cur chun feidhme an chéad, an dara, an tríú, an ceathrú agus an cúigiú moladh a leagtar amach i Moladh 2023 maidir leis an limistéar euro.

(42) I bhfianaise ghrinn-athbhreithniú an Choimisiúin agus an mheasúnaithe uaidh, rinne an Chomhairle scrúdú ar an gClár Náisiúnta um Athchóiriú 2023 agus ar Chlár Cobhsaíochta 2023. Léirítear a cuid moltaí faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 i moladh (1). Na beartais dá dtagraítear i moladh (1), cuidíonn siad le haghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí a bhaineann le fiachas rialtais, staid sheachtrach agus iasachtaí neamhthuillmheacha. Cuidíonn moladh (2) le haghaidh a thabhairt ar mholadh (1). Na beartais dá dtagraítear i moladh (1), cuidíonn siad le haghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí agus leis na moltaí a leagtar amach i Moladh 2023 don limistéar euro a chur chun feidhme, i gcomhréir le haithris 41.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an Ghréig in 2023 agus 2024 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Deireadh a chur leis an bearta tacaíochta éigeandála fuinnimh atá i bhfeidhm, agus úsáid a bhaint as na coigiltis ghaolmhara chun an t-easnamh rialtais a laghdú, a luaithe is féidir in 2023 agus 2024. Dá mbeadh gá le bearta tacaíochta nua nó leantacha chun dul i ngleic le méaduithe a thiocfadh an athuair ar phraghsanna fuinnimh, a áirithiú go ndírítear bearta tacaíochta den sórt sin ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha a chosaint, go mbeidís inacmhainne go fioscach, agus go gcaomhnófaí leo dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh.

   Beartas fioscach stuama a áirithiú, go háirithe trí theorainn nach mó ná 2.6 %[21] a chur leis an méadú ainmniúil ar ghlanchaiteachas príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta in 2024.

   Infheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta a chaomhnú agus a áirithiú go n-ionsúfar deontais faoin tSaoráid agus ó chistí eile de chuid an Aontais go héifeachtach, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chothú.

   Don tréimhse tar éis 2024, leanúint de straitéis fhioscach mheántéarmach a shaothrú maidir le comhdhlúthú de réir a chéile agus inbhuanaithe, mar aon le hinfheistíochtaí agus athchóirithe atá fabhrach d'fhás inbhuanaithe níos airde, chun staid fhioscach mheántéarmach stuama a bhaint amach.

   Cur leis na hathchóirithe a rinneadh mar chuid den phlean téarnaimh agus athléimneachta, an córas cánachais a dhéanamh níos fabhraí don infheistíocht trí réamhchóras rialaithe cánach níos leithne a thabhairt isteach, an bonn cánach a mhéadú, lena n-áirítear trí athbhreithniú a dhéanamh ar an struchtúr cánachais atá ann faoi láthair do dhaoine féinfhostaithe, agus comhlíonadh cánach a neartú trí úsáid íocaíochtaí leictreonacha a leathnú. Neamhspleáchas oibríochtúil an údaráis chánach a chaomhnú agus a mhéadú. Éifeachtúlacht an riaracháin phoiblí a chosaint agus a áirithiú ag an am céanna gur féidir na scileanna cearta a mhealladh agus comhsheasmhacht leis an eangach pá aontaithe a chaomhnú. Leanúint den laghdú leanúnach ar iasachtaí neamhthuillmheacha agus feidhmiú mhargadh na n-iasachtaí neamhthuillmheacha tánaisteacha a fheabhsú a thuilleadh.

---

21 Meastar go gcomhfhreagraíonn sé sin d'fheabhas bliantúil de 0.3 % de OTI ar a laghad ar chomhardú an bhuiséid struchtúraigh do 2024, mar a thuairiscítear in aithris 24.

2. Leanúint de chur chun feidhme seasta a plean téarnaimh agus athléimneachta agus an chaibidil REPowerEU a thabhairt chun críche go pras d'fhonn tús a chur go mear lena chur chun feidhme. Acmhainneacht riaracháin leordhóthanach leanúnach a áirithiú i bhfianaise mhéid an phlean. Leanúint ar aghaidh le cur chun feidhme tapa clár beartais comhtháthaithe, i ndlúthchomhar agus i sineirgíocht leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta.

3. Chun rochtain leordhóthanach chomhionann ar chúram sláinte a áirithiú, cur i bhfeidhm céimneach an chreata cúraim sláinte phríomhúil a chur i gcrích agus dreasachtaí níos láidre a ghlacadh ar mhaithe le líon leordhóthanach dochtúirí teaghlaigh a chlárú chun clúdach iomlán daonra agus clárú daonra a bhaint amach. An t-athchóiriú cadastrach a thabhairt chun críche trí mhapáil chadastrach agus trí bhunú agus oibriú Ghníomhaireacht an Chadastair Heilléanaigh a chur i gcrích.

4. Spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus dlús breise a chur le héagsúlú na mbealaí soláthair fuinnimh. Úsáid fuinnimh in-athnuaite a leathnú a thuilleadh trí na creataí dlíthiúla nua don phróiseas ceadúnúcháin agus d'fheirmeacha gaoithe amach ón gcósta a chomhlánú agus a fhorfheidhmiú, gréasán leictreachais agus acmhainneacht stórála a mhéadú, táirgeadh díláraithe fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn, agus creataí reachtacha a chur i bhfeidhm chun hidrigin in-athnuaite agus bithmheatán a tháirgeadh. Dlús a chur le cur i gcrích beart lena bhfeabhsaítear éifeachtúlacht fuinnimh, lena n-áirítear bearta spriocdhírithe do theaghlaigh fhuinneamhbhochta agus méadair chliste a shuiteáil, agus iarrachtaí beartais atá dírithe ar sholáthar agus ar shealbhú na scileanna agus n-inniúlachtaí atá ag teastáil le haghaidh an aistrithe ghlais. Tacú le dícharbónú na hearnála iompair, go háirithe trí fheithiclí leictreacha a chur chun cinn.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*